Údaráis Áitiúla Chiarraí
Kerry Local Authorities

# SCÉIM GAEILGE

# 2014-2017



*Fáilte roimh Ghnó trí Ghaeilge - Cabhraigh linn í a úsáid*

gaeilge@ciarrai.ie www.ciarrai.ie

# CAINTEOIRÍ GAEILGE LAETHÚLA CHIARRAÍ

Briseadh an Ghaeltacht síos i dtrí Chatagóir sa ***Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2007*** *(OnaÉ, Gaillimh)* bunaithe ar % daonra a bhaineann úsáid as an nGaeilge go laethúil. Seo leanas na Catagóirí agus líon na gcainteoirí Gaeilge laethúla i nGaeltachtaí Chiarraí de réir an Daonáirimh Náisiúnta i 2011 agus 2006…

- **Catagóir A…** ina bhfuil >67% dá ndaonra (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge
- **Catagóir B…** ina bhfuil 44%–66% dá ndaonra (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge
- **Catagóir C…** ina bhfuil 30%–44% dá ndaonra (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge

## DAONÁIREAMH 2011

| Gaeltachtaí | Cainteoirí Gaeilge laethúla | Cainteoirí Gaeilge lae. lasmuigh den Oideachas | Daonra (3 bhliana +) |
|---|---|---|---|
| **Corca Dhuibhne A** | **1303** | **1071** | 1727 |
| **Corca Dhuibhne B** | **213** | **140** | 403 |
| **Corca Dhuibhne C** | **1792** | **1153** | 4584 |
| **Uíbh Ráthach C** | **411** | **137** | 1735 |
| **An Ghaeltacht ar fad** | **3,719** | **2,501** | 8,449 |
| **An Contae ar fad** | **21,792** | **4,209** | 139,537 |

## DAONÁIREAMH 2006

| Gaeltachtaí | Cainteoirí Gaeilge laethúla | Cainteoirí Gaeilge lae. lasmuigh den Oideachas | Daonra (3 bhliana +) |
|---|---|---|---|
| **Corca Dhuibhne A** | **1316** | **1039** | 1801 |
| **Corca Dhuibhne B** | **237** | **162** | 403 |
| **Corca Dhuibhne C** | **1747** | **1050** | 4507 |
| **Uíbh Ráthach C** | **404** | **143** | 1735 |
| **An Ghaeltacht ar fad** | **3,704** | **2,394** | 8,446 |
| **An Contae ar fad** | **20,590** | **4,185** | 134,584 |

*Curtha le chéile ag Donncha Ó hÉallaithe (Gaeltaighde).*

# DAILY SPEAKERS OF IRISH IN KERRY

The Gaeltacht was divided into 3 Categories in the *2007 Comprehensive Linguistic Study of the Use of Irish in the Gaeltacht (NUI, Galway)*, based on population % that use Irish on a daily basis. Below are the categories and the percentage of people who use Irish on a daily basis in the Kerry Gaeltacht areas based on the National Census of 2011 and 2006.

- **Category A…** where >67% of the population (3 years+) are daily speakers of Irish
- **Category B…** where 44%-66% of the population (3 years+) are daily speakers of Irish
- **Category C…** where 30%-44% of the population (3 years+) are daily speakers of Irish

## CENSUS 2011

| Gaeltacht Areas | Daily Speakers of Irish | Daily Speakers of Irish outside Education | Population (3 years +) |
|---|---|---|---|
| **Corca Dhuibhne A** | **1303** | **1071** | 1727 |
| **Corca Dhuibhne B** | **213** | **140** | 403 |
| **Corca Dhuibhne C** | **1792** | **1153** | 4584 |
| **Uíbh Ráthach C** | **411** | **137** | 1735 |
| **Gaeltacht Total** | **3,719** | **2,501** | 8,449 |
| **County Total** | **21,792** | **4,209** | 139,537 |

## CENSUS 2006

| Gaeltacht Areas | Daily Speakers of Irish | Daily Speakers of Irish outside Education | Population (3 years +) |
|---|---|---|---|
| **Corca Dhuibhne A** | **1316** | **1039** | 1801 |
| **Corca Dhuibhne B** | **237** | **162** | 403 |
| **Corca Dhuibhne C** | **1747** | **1050** | 4507 |
| **Uíbh Ráthach C** | **404** | **143** | 1735 |
| **Gaeltacht Total** | **3,704** | **2,394** | 8,446 |
| **County Total** | **20,590** | **4,185** | 134,584 |

*Compiled by Donncha Ó hÉallaithe (Gaeltaighde).*

# CLÁR


**Caibidil 1 RÉAMHRÁ/CÚLRA**

Réamhrá

1.1 Ábhar na Scéime

1.2 Dáta tosaithe na Scéime

1.3 Liosta Custaiméirí

**Caibidil 2 SEIRBHÍSÍ GAEILGE NA COMHAIRLE 2001-2013**

2.1 Ár gcuid Seirbhísí Gaeilge

2.2 Ár bpolasaí Comharthaíochta

2.3 Ár bhfoilseacháin i nGaeilge

2.4 Achoimre ar na Seirbhísí Ranna

**Caibidil 3 SEIRBHÍSÍ GAEILGE LE FORBAIRT 2014-2017**

3.1 Seirbhísí Ar-Líne

3.2 Cosaint agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht

3.3 Úsáid na Gaeilge i gCiarraí

3.4 Tacú le Turasóireacht na Gaeilge i gCiarraí

**Caibidil 4 OILIÚINT & EARCAÍOCHT**

4.1 Oiliúint

4.2 Earcaíocht & Socrúcháin

**Caibidil 5 MONATÓIREACHT & ATHBHREITHNIÚ**

**Caibidil 6 POIBLÍOCHT NA SCÉIME COMHAONTAITHE**

# CONTENT


## Chapter 1 INTRODUCTION/BACKGROUND

Introduction

1.1 Content of Scheme

1.2 Starting date of Scheme

1.3 List of Customers

## Chapter 2 COUNCIL IRISH LANGUAGE SERVICES 2001-2013

2.1 Our Irish Language Services

2.2 Our Signage Policy

2.3 Our Publications in Irish

2.4 Summary of Department Services

## Chapter 3 IRISH SERVICES TO BE DEVELOPED 2014-2017

3.1 On-Line Services

3.2 Protection and promotion of Irish in the Gaeltacht

3.3 Using Irish in Kerry

3.4 Supporting Irish Language Tourism in Kerry

## Chapter 4 Training & Recruitment

4.1 Training

4.2 Recruitment & Placements

## Chapter 5 MONITORING & REVIEWING

## Chapter 6 PUBLICISING OF THE AGREED SCHEME

# RÉAMHRÁ

Is cuid lárnach d'ár oidhreacht náisiúnta í an Ghaeilge, nasc beo í lenár stair agus gné fé leith d'ár dtionscal rathúil turasóireachta. Tuigeann Údaráis Áitiúla Chiarraí go maith tábhacht na Gaeilge do Chiarraí, lasmuigh agus laistigh den nGaeltacht, agus táimid tiomanta chun tacú le foireann na Comhairle a cuid seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge do mhuintir Chiarraí agus an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn mar theanga phobail na Gaeltachta.

Fáiltímid roimis Scéim Gaeilge 2014-2017, agus iarrfaimid ar an bhfoireann agus ar an bpobal araon an deis a thapú chun ár dteanga náisiúnta a úsáid linn i mbun cúrsaí gnó - ***Beatha teangan í a labhairt!***

Tá mórán bainte amach againn ó thosnaíomar ag forbairt seirbhísí Gaeilge ó 2001 i leith *(mar atá sonraithe i gCaibidil 2)* agus le fócas níos soiléirí ná riamh ar phleanáil teangan sa Ghaeltacht *(Acht na Gaeltachta 2012)* ní mór dúinn uilig tacú anois leis na Pleananna Teangan atá á bhforbairt don nGaeltacht. Tá sé ina dhlúth chuid de pholasaí an Rialtais go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don nGaeilge sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise taighde a léiríonn go bhfuil an Ghaeilge i ngéarchéim mar theanga phobail agus theaghlaigh sa Ghaeltacht.

Ar an mbonn sin tá cuspóirí fé leith aithne againn i gCaibidil 3 i dtaobh cúrsaí Pleanála agus Tithíochta de. Ach is 'a*r scáth a chéile a mairfimid'* agus ní mór do dhaoine a bhogann isteach sa Ghaeltacht a gcuid féin a dhéanamh chun an Ghaolainn a fhoghlaim, a úsáid agus a chaomhnú.

Le bhúr gcuid tacaíochta beimid ag treabhadh linn i gcaitheamh na blianta romhainn chun cur le Seirbhísí Gaeilge na Comhairle do mhuintir Chiarraí agus chun aitheantas breise a bhaint amach do Chiarraí mar Chontae Gaelach agus Gaeltachta.

| | |
|---|---|
| **Bainisteoir Contae** | **Méara Chiarraí** |
| __________________________ | __________________________ |
| **Tomás Ó Curráin** | **Séamus Cosaí Mac Gearailt** |
|  |  |

# FOREWORD

Irish is a central part of our national heritage, a vital link to our past and a unique element of diversity to our thriving tourist industry. Kerry Local Authorities understand the importance of Irish to the people of Kerry, both within and outside our Gaeltacht areas and we are committed to supporting Council staff in providing services through Irish for the people of Kerry and to protecting and promoting Irish as the community language of the Gaeltacht.

We welcome Scéim Gaeilge 2014-2017, and we ask both our staff and the community in general to take the opportunity to use our national language when doing business with us – ***Beatha Teangan í a labhairt!***

Much has been achieved since we began developing our Irish Language services since 2001 *(as outlined in Chapter 2)* and with a greater focus than ever on language planning in the Gaeltacht *(The Gaeltacht Act 2012)* we must all now play our part in supporting the Gaeltacht Language Plans being developed. It is an integral component of the Government's Irish language policy that close attention be given to its place in the Gaeltacht, particularly in light of research which indicates that Irish as a household and community language in the Gaeltacht is under threat.

To that end we have included specific objectives in Chapter 3 regarding Planning and Housing. But *'no man is an island'* and people who choose to move into the Gaeltacht have their part to play also, in learning and using Irish and hence preserving it.

With your support we can continue working through the years ahead of us developing the Council's Irish Language Services for the people of Kerry while achieving greater recognition as both a Gaeltacht and Irish speaking County.

**County Manager**

_________________________

**Tomás Ó Curráin**



**Mayor of Kerry**

_________________________

**Séamus Cosaí Mac Gearailt**



# 1. CÚLRA

D'ullmhaigh Údaráis Áitiúla Chiarraí an Scéim seo faoi Alt 15 de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá polasaí reatha Gaeilge Údarás Áitiúil Chiarraí leagtha amach sa scéim nua seo ag cur san áireamh ceangaltais Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2011-2006, Scéim Gaeilge I, 2005-2008 agus Scéim Gaeilge II, 2010-2013. Tá freagracht monatóireachta agus athbhreithnithe na Scéime ar Bhainistíocht Shinsearach Údarás Áitiúil Chiarraí.

Lorgaíodh aighneachtaí ón bpobal i Meán Fómhair 2013 agus fuarthas sé aighneacht ar fad, cinn ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus ó Fhóram Gaeilge Chiarraí agus 3 chinn ó dhaoine aonair. Tugadh aird ar na haighneachtaí agus sinn ag ullmhú Scéim Gaeilge 2014-2017 mar aon le h*Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Acht na Gaeltachta 2012* agus moltaí na Comhairle féin inár n-aighneacht ar *Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*, (www.gaeilge.ie) áit ina bhfuil moltaí chun timpeallacht dhearfach d'fhás agus d'fhorbairt na Gaeilge a chothú go náisiúnta.

Chabhródh ***Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*** an Rialtais, i dteannta le méadú ar bhreis daoine le líofacht sa Ghaeilge a earcú go isteach san Earnáil Phoiblí go mór le timpeallacht dá leithéid a chothú, go hairithe sna ceantair Ghaeltachta. Fáiltítear leis roimh chinneadh an Aire Iompair, i bpáirt leis an UNB, tabhairt fé scéim píolótach comharthaíochta chun an bhéim chéanna a thabhairt don Ghaeilge is atá ann don Bhéarla.




Táimid buíoch do gach duine a chabhraigh leis an bpróiseas seo.

# 1. BACKGROUND

This Scheme was prepared under Article 15 of the Official Languages Act 2003 by Kerry Local Authorities. Kerry Local Authorities current Irish Language policy is laid out in this scheme, taking into account previous commitments in the Irish Action Plan 2001-2006, Scéim Gaeilge 1, 2005-2008 and Scéim Gaeilge II, 2010-2013. Responsibility for monitoring and reviewing the Scheme rests with Senior Management of the Local Authorities in Kerry.

Submissions were sought from the public in September 2013, 6 were received, one each from Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta and Fóram Gaeilge Chiarraí and 3 from individuals. These submissions were considered during the drafting of Scéim Gaeilge 2014-2017, as were the Official Languages Act 2003, The Gaeltacht Act 2012 and Kerry Local Authority's Submission on the *Review of the Official Languages Act 2003* (www.ciarrai.ie) which contains proposals for creating a positive environment for the growth and development of the Irish Language nationally.

The Government's ***20 Year Strategy for the Irish Language*** assisted by an increase in the recruitment of sufficient numbers of fluent Irish speakers within the Public Sector would greatly help create such an environment, particularly for Gaeltacht areas. The introduction of a pilot scheme by the Minister for Transport, in conjunction with the NRA, to give equal prominence to both the Irish and English text on road signage, is also welcomed.




We are grateful to all those who helped with the process.

## 1.1 Ábhar na Scéime

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le húsáid na Gaeilge taobh istigh den eagraíocht seo ó chuireamar tús leis an bpróiseas in 2001 chun Seirbhísí Gaeilge a fhorbairt don gCustaiméir. Tógann Scéim Gaeilge 2014-2017 ar an obair go dtí seo agus ar an tuiscint go leanfar ag comhlíonadh na ngealltanas ar fad sa Chéad agus sa Dara Scéim. Cuireann an Scéim le prionsabal Sheirbhísí d'Ardchaighdeán don gCustaiméir agus deinfear éascú ar dhaoine gur mian leo a ngnó a dhéanamh leis an gComhairle trí Ghaeilge.

## 1.2 Dáta tosaithe na Scéime

Ghlac Comhairleoirí Chomhairle Contae Chiarraí leis an Scéim seo ag cruinniú iomlán na Comhairle ar an $16^{ú}$ Nollaig 2013 agus tá sé deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ó shin.  Cuirfear tús leis ar an $9^{ú}$ Meitheamh 2014.

## 1.3 Liosta Custaiméirí

- Pobal agus Custaiméirí Údaráis Áitiúla Chiarraí
- Grúpaí Pobail Áitiúla
- An tAire agus Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- Oifigí Aireachta agus Ranna Rialtais eile
- Gníomhairí eile Stáit
- Údaráis áitiúla agus Réigiúnacha eile
- Páirtnéirí Sóisialta
- Grúpaí LEADER
- Soláthróirí Seirbhíse san Earnáil Phríobháideach
- Gnónna Príobháideacha Áitiúla
- Eagraíochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh

## 1.1 Scheme Contents

The use of Irish has advanced significantly within the organisation since we first began developing Irish Language Services for our Customers in 2001. The 2014-2017 Scéim Gaeilge builds on this work and on the understanding that we will continue to fulfil commitments in our First and Second Scéimeanna Gaeilge. This new Scheme adds to the principle of providing High Quality Service to customers while facilitating customers who wish to do their business with the Council through Irish.

## 1.2 Starting date of the Scheme

Kerry County Council adopted this scheme at a full meeting of the Council on the 16th December 2013 and this has since been confirmed by the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht. The scheme will begin on the 9th June 2014.

## 1.3 List of Customers

- Kerry Local Authorities Customers and the General Public
- Local Community Groups
- The Minister and Department of the Environment, Community and Local Government.
- Other Government Departments and Ministerial Offices
- Other State Agencies
- Other Local and Regional Authorities
- Social Partners
- LEADER Groups
- Private Sector Service Providers
- Local Private Businesses
- Organisations of the European Union

# 2. SEIRBHÍSÍ GAEILGE NA COMHAIRLE 2001-2013

## 2. Ár Seirbhísí Gaeilge

**Ó 2001 i leith táimid ag treabhadh linn ag forbairt agus soláthar seirbhísí trí Ghaeilge do phobal Chiarraí. Tógann an Scéim seo ar Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2001-2006, Scéim Gaeilge 2005-2008 agus Scéim Gaeilge 2010-2013. Is breá linn nuair a bhaintear úsáid as ár gcuid seirbhísí Gaeilge ach go mbeidh custaiméirí foighneach óir tá cuid dár bhfoireann fós ag teacht i dtír ar úsáid na Gaeilge san áit oibre.**

Seo leanas cuid de na seirbhísí sin...

- Ainm na Comhairle á úsáid i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla, nuair atá **Fóin ag an gcuntar poiblí á fhreagairt**.
- **Fógraí béil** a thaifead i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla.
- **Foirmeacha** i nGaeilge, nó dátheangach, ón gcuntar poiblí.
- **Bileoga eolais** i nGaeilge, nó dátheangach, ón gcuntar poiblí.
- Freagra trí Ghaeilge ar **Chomhfhreagras** Gaeilge (leictreonach san áireamh).
- **Cora-Poist** (leictreonach san áireamh) i nGaeilge, nó i nGaeilge agus Béarla.
- **Ábhar seasta ar shuíomh idirlín** na Comhairle le bheith i nGaeilge nó dátheangach.
- **Billí a íoc** trí Ghaeilge.
- **Cruinnithe Réamhphleanála** trí Ghaeilge do chustaiméirí Gaeltachta.
- **Timpeallacht dhearfach** a chothú d'úsáid na Gaeilge sa Chomhairle



# 2. THE COUNCIL'S IRISH LANGUAGE SERVICES 2001-2013

## 2. Our Irish Language Services

**Since 2001 we have been actively developing and providing services through Irish for the people of Kerry. This Scheme builds on our previous schemes, i.e. Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2001-2006, Scéim Gaeilge 2005-2008 and Scéim Gaeilge 2010-2013. We are delighted that these services are being used and ask that customers be patient as some of our members of staff are still becoming accustomed to using Irish in the workplace.**

The following are some of these services…

- Using the Council name in Irish, or in Irish and English, when answering **phone**s at the public counter
- **Recording Announcements** in Irish, or in Irish and English.
- **Forms** in Irish, or bilingual, from the public counter.
- **Information Leaflets** in Irish, or bilingual, from the public counter.
- Replies in Irish to **Correspondence** in Irish (including electronic correspondence)
- **Mail-Shots (**including electronic mail-shots) in Irish, or in Irish and English.
- **Static material on Council websites** to be in Irish or bilingual.
- **Paying bills** through Irish.
- **Pre-Planning Meetings** through Irish for Gaeltacht Customers.
- Developing a positive environment for the use of Irish around the Council.

## 2.1 Seirbhísí Gaeilge ón bhFoireann sa Líne Tosaigh

**Is iad na hOifigigh Ainmnithe Gaeilge** sna Ranna seo **leanas a bhíonn ag déileáil le Fiosrúcháin Ghinearálta trí Ghaeilge**…

- **Fáiltiú Áras an Chontae**
- Cuntar poiblí sa **Roinn Pleanála**
- Cuntar poiblí sa **Roinn Tithíochta,**
- Cuntar poiblí sa **Roinn Comhshaoil,**
- Cuntar poiblí sa **Roinn Ioncaim**
- Cuntar poiblí sa **Roinn Bóithre**
- **An Oifig Mótarchánach**
- **Oifig Ceantair Chathair Saidhbhín**
- **Fáiltiú Chomhairle Baile Thrá Lí**

**Bíonn an fhoireann ar fad ag déileáil le Fiosrúcháin Ghinearálta trí Ghaeilge sna hOifigí Gaeltachta in…**

- **Oifig Ceantair an Daingin**
- **Leabharlann an Daingin**
- **Ionad Athchúrsála Chorca Dhuibhne**
- **Oifig na Gaeilge, Áras an Chontae.**



## 2.1 Irish Language Services from Front Line Staff

**General Queries through Irish are dealt with by** Nominated Irish Officers in the following Departments ...

- Áras an Chontae's **Reception**
- **Planning Department's** Public Counter
- **Housing Department's** Public Counter
- **Environment Department's** Public Counter
- **Revenue Department's** Public Counter
- **Road Department's** Public Counter
- **Motor Tax Office**
- **Cahersiveen Area Office**
- **Tralee Town Council Reception**

**General Queries through Irish are dealt with by a**ll staff in our Gaeltacht offices at…

- **Local Area Office in Daingean Uí Chúis**
- **Local Library in Daingean Uí Chúis**
- **West Kerry Recycling Centre**
- **Oifig na Gaeilge, Áras an Chontae.**

## 2.2 Ár bPolasaí Comharthaíochta

**Cuireann Comhairle Contae Chiarraí polasaí dearfach agus ceannródaíochta i bhfeidhm sa Ghaeltacht, polasaí a thugann tús áite don nGaeilge ar chomharthaíocht Ghaeltachta.**




- **Cló Láidir nó CEANNLITREACHA** a úsáid ar Logainmneacha Gaeltachta, a bheidh i nGaeilge amháin de réir An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004.

- I gcás comharthaí dhátheangacha nua sa Ghaeltacht tabharfar tús áite don nGaeilge le **Cló Láidir nó PRÍOMH LITREACHA don nGAEILGE**, agus *Litreacha móra 's beaga i gcló iodálach don mBéarla*.

- An leagan Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta a úsáid ar cháipéisí, chomharthaí, bhunachar sonraí agus líníochtaí na Comhairle Contae.

## 2.2 Our Signage Policy

**Kerry County Council implement a positive and progressive signage policy in the Gaeltacht, a policy that gives preference to Irish on Gaeltacht signage.**




- In cases where only one placename is in use on Gaeltacht signage **Bold Case or UPPER CASE** lettering be used, in accordance with the Gaeltacht Placenames Order.

- That **Bold Case or UPPER CASE** lettering be used for IRISH, and *Upper and lower case italics for English*, on all new bilingual signage within the Gaeltacht.

- That Kerry Local Authorities use the Irish version of the Gaeltacht Placenames on documents, signs, databases and drawings.

## 2.3 Ár bhFoilseacháin i nGaeilge

**Seo leanas thíos cuid de na foilseacháin atá á gcur ar fáil againn i nGaeilge ó 2001 i leith. Is gnách dúinn iad a chur ar fáil mar cháipéis dhátheangach fé chlúdach amháin ach i roinnt cásanna cuirtear an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ar fáil neamhspleách ar a chéile.**

**Stáiseanóireacht**

**Foirmeacha**

**Bileoga Eolais**

**Preasráitis**

**Foilseacháin Ghaeltachta**

**Fógraí Gaeltachta & Contae** *(nuair atá an Ghaeltacht san áireamh).*

| | |
|---|---|
| **Leabhráin** | Ag Forbairt Spraoi i gCiarraí |
| | Lámhleabhar an Tionónta |
| **Pleananna** | Pleananna Áitiúla Gaeltachta, sé sin Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach |
| | Plean Corparáideacha |
| | Plean Ealaíon Chiarraí |
| | Plean Oidhreachta Chiarraí |
| | Plean Forbartha Chontae Chiarraí |
| | Plean Forbartha Leabharlann Chiarraí |
| | Plean Gníomhaithe um Rochtain do Chách |
| **Polasaithe** | Polasaí Ceannaithe Tithíochta sa Ghaeltacht |
| | Polasaí Comharthaíochta CCC |
| | Polasaí Íocaíochta do Sholáthróirí |
| | Scéim Gaeilge |
| | Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais CCC |
| | Scéim Dáilte Tithíochta |
| | Meitheal Chiarraí - Straitéis d’Fhorbairt Eacnamaíochta, Sóisialta & Cultúrtha |

## 2.3 Our Publications in Irish

**The following below are some of the publications we have produced in Irish since 2001. It is normal for us to publish these documents in bilingual format under the one cover but in some cases the Irish and English versions are independent of each other.**

**Stationary**

**Forms**

**Information Leaflets**

**Press Releases**


**Gaeltacht Publications**

**Gaeltacht and County Adverts** *(when they include a Gaeltacht area).*

| | |
|---|---|
| **Booklets** | Developing Play in Kerry |
| | Tenant's Handbook |
| **Plans** | Local Gaeltacht Area Plans, i.e. for Corca Dhuibhne and Uíbh Ráthach |
| | Corporate Plan |
| | County Arts Plan |
| | County Heritage Plan |
| | Kerry County Development Plan |
| | Kerry Library Development Plan |
| | Access for All Implementation Plan |
| **Policies** | Gaeltacht Housing Purchase Policy |
| | KCC Signage Policy |
| | Payment Policy to Suppliers |
| | Irish Language Scheme |
| | KLA Annual Report including Audited Accounts |
| | Housing Allocation Scheme |
| | Meitheal Chiarraí Strategy for Economic, Social & Cultural Development |

## 2.4 Achoimre ar Sheirbhísí Ranna





**An Oifig Mótarchánach**
Tá an Oifig Mótarchánach freagrach go príomha as Cáin a cheadú d'Fheithiclí. Ta an oifig freagrach as seirbhísí agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile ar son an Rialtais Lárnaigh.

**An Roinn Acmhainní Daonna**
Is é ról na Roinne Acmhainní Daonna ná a chinntiú go bhfuil foireann cháilithe, le hoiliúint agus acmhainní cuí, fostaithe sna hÚdaráis Áitiúla i gCiarraí. Is Roinn lárnach é seo atá freagrach as caidrimh tionsclaíochta agus leas na foirne.

**An Roinn Airgeadais**
Faoi chúram na Roinne Airgeadais tá Bainistiú Cistíochta agus Buiséid, Rialú Airgeadais, Rialachas, Roinn agus Bailiú Ioncaim, Soláthar, Párolla agus Íocaíochtaí do Chreidiúnaithe. Is iad ár n-aidhmeanna is tábhachtaí ar fad ná seasmhacht airgeadais agus ionracas a chothú san eagraíocht trí phróiseas slán buiséadach, bainistiú ioncaim is cistíochta, dea-rialachas is soláthar, rud a chinnteoidh soláthar inbhuanaithe seirbhísí go fad téarmach.

**An Roinn Pleanála**
Is é ról na Roinne Pleanála ná a chinntiú go mbeidh forbairt phleanáilte de réir prionsabail inmharthanachta a éascaíonn an dul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta fadtéarmach, úsáid éifeachtach a bhaint as talamh, acmhainní agus bonneagar agus an timpeallacht nádúrtha agus tógtha a chosaint.

**An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise**
Tá an Roinn Teicneolaíocht Faisnéise freagrach as córais ríomhaireachta na nÚdarás Áitiúil a chothú, straitéisí teicneolaíochta eolais a fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar do Ranna eile chun a gcuid seirbhísí laethúla a sholáthar. Níl aon seirbhísí á soláthar go díreach don bpobal.

## 2.4 Summary of Department Services

### The Motor Taxation Office

The Motor Taxation Department principle responsibility is for the Taxation of Vehicles. The Office also provides other related functions and services on behalf of Central Government.

### The Human Resources Department

The role of the Human Resources Department is to ensure that a suitably qualified, trained and resourced staff is deployed within Kerry Local Authorities. The Department is a key one with responsibility for industrial relations and staff welfare.

### Finance

The Finance Department comprises Budgetary and Treasury Management, Financial Control, Governance, Revenue Department and Collection, Procurement, Payroll and Creditors Payments. Our overriding aims are to maintain financial stability and probity throughout the organisation through sound budgetary processes, treasury and income management, procurement and good governance, ensuring long term sustainability of delivery of services.


### The Planning Department

The Planning Department’s policy is to ensure that development is planned in accordance with principles of sustainability, facilitating long-term economic and social progress, efficient use of land, resources and infrastructure while safeguarding the natural and built environment.

### The Information Technology Department

The Information Technology Department is responsible for maintaining the Council’s computer systems, for developing information technology strategies and for supporting other Departments in their service delivery. No direct services are provided to the general public.





**An Roinn Tithíochta**
Soláthraíonn an Roinn Tithíochta cóiríocht do dhaoine trí sholáthar dhíreach tithíochta ar chíos. Cuireann an Roinn úinéireacht tí chun cinn, chomh maith, le cúnamh scéimeanna éagsúla iasachta. Is é ról an Údaráis Tithíochta a chinntiú go mbeidh áitreabh a oireann dá riachtanas ag gach líon tí, ar chíos nó ar chostas ar féidir leis an líon tí é a sheasamh.

**Cosaint Shibhialta Chiarraí - ag freastal ar riachtanais an phobail áitiúil**
Is é ról Cosaint Shibhialta Chiarraí ná cabhair a sholáthar i gcás tubaistí agus timpistí, mar aon le hoibrithe deonacha oilte, fearas agus tacaíocht lóistíochta a chur ar fáil mar thacaíocht don bpobal i gcásanna éigeandála.

**Dlíodóir an Chontae**
Soláthraíonn an Roinn seo seirbhís agus comhairle dlí don gComhairle. Cé gur obair inmheánach mórán den obair, bíonn teagmháil ag an Roinn leis an bpobal agus a n-ionadaithe dlí.

**Fiontar agus Pobal**
Tacaíonn an Roinn seo le Straitéis Sóisialta, Eacnamaíochta agus Chultúrtha (Meitheal Chiarraí) a chur i bhfeidhm, rud a threoraíonn gach forbairt sa Chontae. Forbraítear polasaithe agus tionscnaimh d'Údaráis Áitiúla Chiarraí le béim ar iniamh shóisialta agus fiontraíocht. Feidhmeoidh Coistí Forbartha Pobail Áitiúla nua in áit an Bhord Forbartha Contae amach anseo.

**Na hOifigí Ealaíon, Gaeilge agus Oidhreachta**
- Soláthar Seirbhísí na Comhairle trí Ghaeilge a fhorbairt, agus tacú le cur chun cinn agus úsáid na Gaeilge sna Gaeltachtaí agus i gCiarraí ina iomlán.
- Rannpháirtíocht, feasacht agus teacht ar na healaíona i gCiarraí a éascú.
- Mórtas a chur chun cinn, polasaithe a fhorbairt agus bailiú sonraí a éascú i dtaobh gach gné d'Oidhreacht Nádúrtha, Tógtha's Cultúrtha i gCiarraí, Seandálaíocht san áireamh.

**Roinn Gnóthaí Corparáideacha**
Is iad na Ranna Gnóthaí Corparáideacha, Teicneolaíochta Faisnéise agus Acmhainní Daonna an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha do Chomhairle Contae Chiarraí. Tá obair na Roinne roinnte mar seo leanas: Seirbhísí na Comhairle / Gnóthaí thar Sáile / Cumarsáid & Cúram Custaiméara / Oifig na Gaeilge / Saoráil Faisnéise / Clár na dToghthóirí & Deontais Ardoideachais, agus Forbairt agus Bainistiú Áiseanna

### The Housing Department

The Housing Department provides accommodation for people through the direct provision of housing for rent and also promotes home ownership through the various loan schemes offered. The Council's role as Housing Authority is to ensure that every household has a dwelling suitable to its needs at a price or rent it can afford.

### Kerry Civil Defence – serving the needs of the local community

Civil Defence is a volunteer based organization where its members from the local community are trained in life saving skills, from all different walks of life, which are proud to serve as a high quality backup service supporting the primary services and the local community in emergency situations.

### The County Solicitor's Department

This Department provides legal services and advice for the Council. While much of the work involves internal matters the Department has contact with members of the public and their legal representatives.

### Community and Enterprise

This Department supports the Social, Economic and Cultural Strategy (Meitheal Chiarraí), which guides and influences all developments in the County. Policies and initiatives are developed with a social inclusion and enterprise focus for the Local Authorities in Kerry. New Local Community Development Committees will replace the existing County development Board into the future.

### The Arts, Irish Language and Heritage Offices

- Developing the delivery of Council Services through Irish, while supporting the promotion and use of Irish in the Gaeltacht and in Kerry as a whole.
- Facilitate participation, awareness and access to the Arts in Kerry.
- Promote pride, formulate policy and facilitate the collection of data in relation to all aspects of the Built, Natural and Cultural Heritage within Kerry, including Archaeology.

### Corporate Affairs Department

The Corporate Affairs Department, along with IT and the Human Resources Department, comprise the Corporate Services Directorate of Kerry County Council. The work of the Department is divided into a number of areas as follows: Council Services / Overseas Affairs / Communications & Customer Care / Oifig na Gaeilge / FOI / Franchise & Higher Education Grants and Facilities Management and Development.

**Roinn na mBóithre**
Tá Roinn na mBóithre freagrach as bóithre poiblí a dhearadh, a chothú agus a thógaint i gCiarraí, áit a bhfuil 435km de Bhóithre Náisiúnta agus 4,446km de bhóithre eile. Tá sábháilteacht agus cothabháil leanúnach i gceist le gréasán sábháilte éifeachtach a chur ar fáil do na riachtanais Tionsclaíochta, Talmhaíochta, Turasóireachta agus Pobail i gCiarraí.

**Roinn na Seirbhísí Comhshaoil**
Tá cosaint ár dtimpeallachta fíor-thábhachtach d'áitreoirí agus do chuairteoirí araon sa Chontae. Tá uisce agus aer glan, timpeallacht saor ó bhruscar, tránna gan smál agus córais inbhuanaithe chun dramhaíl a bhainistiú riachtanach chun seo a bhaint amach. Cé go bhfuil freagracht ar gach éinne ár dtimpeallacht a chosaint, cinntíonn Seirbhísí Comhshaoil na Comhairle go gcloítear le hardchaighdeán agus go gcoimeádtar mí-úsáid agus mí-bhainistiú ár acmhainní comhshaoil chomh beag agus is féidir, tríd an reachtaíocht comhshaoil a chur i bhfeidhm. Tá feidhm leathan agus sainiúil orainn, idir anailís theicniúil sa tsaotharlann, suíomhanna dumpála mídhleathacha a ghlanadh agus feachtais oideachasúla a rith. Cabhraíonn gach gné leis an timpeallacht a choimeád ar an gcaighdeán is airde. Tá Roinn na Seirbhísí Comhshaoil freagrach as an tseirbhís tréidliachta, as póna na madraí a stiúradh agus rannóg bainistíochta fuinnimh na Comhairle.

**Roinn na Seirbhísí Dóiteáin**
Tá Roinn na Seirbhísí Dóiteáin freagrach as freastal ar chásanna éigeandála tine, timpistí bóthair, cúrsaí éigeandála eile mar aon le comhairle a thabhairt ar shábháilteacht dóiteáin. Soláthraítear Seirbhísí Dóiteáin 24uair/365 lá sa bhliain don gContae, le briogáid i ndeich mbaile.

**Roinn na Seirbhísí Uisce**
Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce i gCiarraí ó Eanáir 2014 amach. Sin ráite, beidh ról fós ag Údaráis Áitiúla Chiarraí i bhfeidhmiú agus cothabháil scéimeanna soláthair uisce poiblí agus áiseanna cóireála fuíolluisce de réir comhaontú ar leibhéal seirbhíse le hUisce Éireann. Tá freagracht ag an Roinn seo as áiseanna poiblí agus reiligí ar fud an Chontae.

**Seirbhísí Leabharlainne**
Tá gréasán de 9 gcinn de chraobhacha leabharlainne againn i mbailte ar fud Chiarraí, a sholáthraíonn seirbhís fhairsing pobail, ina measc ábhar léitheoireachta agus tagartha, agus ábhar clos-amharc d’óg agus aosta. Tá 2 Leabharlann Taistil againn chomh maith, ag stopadh ag 91 áit ar fud an chontae. Cuirtear an Ghaeilge chun cinn sna Leabharlanna trí ghníomhaíochtaí éagsúla le linn na bliana agus tríd an Rannóg ar Stair Áitiúil.

## The Roads Department

The Roads Department is responsible for the design, maintenance and construction of public roads in Kerry where some 435km of National Roads and 4,446kms of other roads exist. This includes safety considerations and ongoing maintenance in order to provide a safe and efficient network to serve the needs of the county for Industrial, Agricultural, Tourism and Community Development.

## The Environmental Services Department

The protection of our environment is of paramount importance for the inhabitants of, and visitors to, the County. Clean air and water, a litter free countryside, pristine beaches and sustainable waste management systems are fundamental in achieving this. While the protection of our environment is everybody's responsibility, the Environment Department of the Council ensure, through the implementation of the statutory environmental legislation, that standards are maintained and mismanagement and misuse of our environmental assets is minimised. Our operations are diverse and specialised, ranging from technical laboratory analysis to clean up of illegal dumping sites and educational campaigns. All elements contribute to ensuring our environment is maintained to the highest standards. The provision of veterinary service, including the operation of the dog pound, and the Council's energy management section are also managed through the Environment Department.

## The Fire Services Department

The Fire Services Department has responsibility for response to fire emergencies, road traffic accidents and other emergency situations and for giving advice on fire safety. Fire Services are provided on a 24 hour/365 day basis for the County with brigades in ten towns.

## Library Services

The County Library service has a network of 9 branch libraries in the towns throughout Kerry, providing a comprehensive community service, including reading, audio-visual and reference material for both adults and children. We also have 2 Mobile Libraries serving 91 places across the county. Kerry Library service promotes Irish in its Libraries through various activities throughout the year and its Local History Section.

## The Water Services Department

Irish Water has been responsible for water and waste water services in Kerry since January 2014. However Kerry Local Authorities will continue to have a role in the operation and maintenance of public water supply schemes and waste water treatment facilities under a service level agreement with Irish Water. This Department also has responsibility for public conveniences and burial grounds throughout the County.

# 3. SEIRBHÍSÍ GAEILGE LE FORBAIRT 2014-2017

## 3.1 Seirbhísí Ar-Líne

**1. Deasc Custaiméara Ar-Líne** a fhorbairt le grúpa Oifigeach Ainmnithe Gaeilge ó Chuntair Phoiblí na Ranna atá luaite i gcaibidil **2** chun na seirbhísí seo leanas a ofráil don bpobal trí Ghaeilge…

- Fiosrúcháin Ghinearálta
- Foirmeacha Iarratais & Bileoga Eolais a sholáthar
- Billí a íoc
- Déileáil le Gearáin a bhaineann leis an nGaeilge

Feidhmeoidh **Deasc Custaiméara Ar-Líne** trí ríomhphost le seoladh comónta don ngrúpa, 'sé sin **gaeilge@ciarrai.ie** *(Eanáir 2015)*

**2.** **Réamhleathanach** a chur ag tosach an tsuímh idirlín ag ofráil rogha teanga don gcustaiméir. *(Eanáir 2015)*

**3.** Teideal dhátheangach don **gcineál poist** a úsáid ar rphost gach éinne. *(Eanáir 2015)*

**4.** Leagan dhátheangach don **As Oifig** a úsáid ar ríomhphost gach éinne. *(Eanáir 2015)*

# 3. IRISH LANGUAGE SERVICES TO BE DEVELOPED

## 3.1 On-Line Services

1. **Develop an On-Line Customer Services Desk** with a group on Nominated Irish Officers from the Public Counters of the Departments mentioned in chapter 2 to offer the following services through Irish,
   - General Queries
   - Provision of Application Forms and Information leaflets
   - Payment of Bills
   - Dealing with Complaints in relation to the Irish Language

   The **On-Line Customer Services Desk** will operate via one common email address for the group, i.e. **gaeilge@ciarrai.ie** *(January 2015)*

2. Establish a **preliminary page** at the beginning of our websites offering the customer a choice of language *(January 2015)*

3. Use bilingual titles for all job descriptions on all staff emails *(January 2015)*

4. Use bilingual Out of office messages on all staff emails *(January 2015)*

## 3.2 Cosaint agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht

**Ag luí le *hAcht na Gaeltachta, 2012,* agus sa bhreis ar na tacaíochtaí sna Scéimeanna go dtí seo, tacóidh Comhairle Contae Chiarraí le cosaint agus caomhnú na Gaeilge sa Ghaeltacht mar seo leanas:**

- Go gcrochfaidh Comhairle Contae Chiarraí a cuid **Plaiceanna d'oscailtí oifigiúla Gaeltachta i nGaeilge amháin** *(Meitheamh 2014)*

- Spreagfaidh Comhairle Contae Chiarraí iarrthóirí ar chead pleanála sa Ghaeltacht a gcuid **Fógraí Pleanála Suímh a chrochadh i nGaeilge** *(Meitheamh 2014)*

- Go mbeidh **an cineál gnó luaite i nGaeilge** ar chomharthaíocht nua os cionn siopaí sa Ghaeltacht (*Márta 2015)*

- Tacú le na **Pleananna Teangan Gaeltachta** atá á bhforbairt de réir Acht na Gaeltachta 2012.

- Scéim Tacaíochta Teangan a fhorbairt do **Thionóntaí agus d'ábhar Tionóntaí ar liostaí feithimh Gaeltachta,** i bpáirt le hÚdarás na Gaeltachta agus eagraíochtaí cuí eile, ina mbeidh trí chéim sa phróiseas, **1) Measúnú, 2) Teagasc** agus **3) Tástáil Labhartha ar nós Teastas Eorpach na Gaeilge.** *(Iúil 2015)*

- A chinntiú, oiread agus is féidir, go mbeidh **inniúlacht sa Ghaeilge labhartha ag iarrthóirí ar thithíocht nó ar chúnamh tithíochta ó Chomhairle Contae Chiarraí** i gceantair Chatagóir A faoi réir chritéir an Staidéir Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht *(Iúil 2015)*.



## 3.2 Protection and promotion of Irish in the Gaeltacht

**In line with the 2012 Gaeltacht Act (Section 12), and in addition to the supports in our Scéimeanna to date, Kerry County Council will support the protection and promotion of Irish in the Gaeltacht as follows:**

- Kerry County Council will erect all Plaques for official openings in the Gaeltacht in Irish only. *(June 2014)*

- Kerry County Council will encourage applicants for Planning Permission in Gaeltacht Areas to erect their **Public Site Notices in Irish, or in Irish and English.** *(June 2014)*

- That the **business description** be included **in Irish on all new Gaeltacht shopfront signage.** *(March 2015)*

- Support the **Gaeltacht Language Plans** currently being developed in line with the Gaeltacht Act. 2012.

- Develop our **Language Support Scheme** for Tenants and potential Tenants on Gaeltacht Housing waiting lists, in cooperation with Údarás na Gaeltachta and other relevant organisations to include three distinct stages in the process, **1) Assessment, 2) Teaching and 3) Oral Testing such as the European certificate in Irish**. *(July 2015)*

- Seek to ensure that applicants for **housing provided by or supported by Kerry County Council in those areas recognised as Category A Gaeltacht Areas** according to the criteria of the Staidéar Teangeolaíoch ar Úsáid an Gaeilge sa Ghaeltacht, have a proficiency in spoken Irish. *(July 2015)*



## 3.3 Úsáid na Gaeilge i gCiarraí

**Ag luí le *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* an Rialtais, agus sa bhreis ar an na tacaíochtaí sna Scéimeanna go dtí seo, cabhróidh Comhairle Contae Chiarraí le *hÚsáid na Gaeilge* a fhorbairt i gCiarraí tríd tacú le…**

- **Duais Gaeilge** a chur ar fáil do scéim Fiontar na Mac Léinn i bpáirt le Roinn Fiontair Chomhairle Contae Chiarraí agus eagraíochtaí cuí eile don '***Fiontar a bhaineann an úsáid is fearr as an nGaeilge'*.** *(Meán Fómhair 2014)*

- Tacú le ***Gaelbhratach*** i scoileanna Chiarraí i bpáirt le Conradh na Gaeilge & Gael-Linn. *(Meán Fómhair 2014)*

- **Mana i nGaeilge** a fhorbairt i bpáirt leis an Roinn Pobail agus Fiontair le húsáid ag Coistí na mBailte Slachtmhara / Mórtas Ceantair i gCiarraí. *(Márta 2015)*

- Seirbhísí Gaeilge do Chustaiméirí Údarás Áitiúil Chiarraí a mheas i bpáirt le húdaráis áitiúla eile agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. *(Eanáir 2016)*



## 3.3 Using Irish in Kerry

**In line with the Government's *20 Year Strategy for Irish,* and in addition to the supports in our Scéimeanna to date, Kerry County Council will support the development of *Using Irish in Kerry* by …**

- Providing an Irish Award as part of the Student Enterprise Awards in conjunction with Kerry County council's Enterprise Department and other appropriate organisations for *'The Enterprise that best uses **Irish'*** (*September 2014)*

- Supporting Conradh na Gaeilge and Gael-Linn in implementing the ***Gaelbhratach*** scheme *(Irish Language Flag)* for schools in Kerry. (*September 2014)*

- Developing **a motto in Irish** in conjunction with the Community and Enterprise Department for use in Kerry by Tidy Towns / Pride of Place groups. (*March 2015)*

- Assessing Irish Language Services for Kerry Local Authority Customers in conjunction with other Local Authorities and Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge *(January 2016)*

## 3.4 Tacú le Turasóireacht na Gaeilge i gCiarraí

**Ag luí le *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* an Rialtais, agus sa bhreis ar an na tacaíochtaí sna Scéimeanna go dtí seo, cabhróidh Údaráis Áitiúla Chiarraí le Straitéis Mhargaíochta a fhorbairt do *Turasóireacht na Gaeilge* i gCiarraí. Tacófar le Straitéis a leithéidí *Kerry Craft Trails,* a fhorbairt i bpáirt le heagraíochtaí Gaeltachta, Turasóireachta agus Pobail idir seo agus deireadh na Scéime seo, ag cur san áireamh…**

- Taispeántas Inaistrithe ilteangach a fhorbairt ar **An Ghaeilge i gCiarraí** .

- **Conair, Eolaire** agus **Comharthaíocht**.

- **Siombail Ghaeltachta** a fhorbairt le húsáid ar chomharthaíocht turasóireachta le hainm na Gaeltachta i nGaeilge amháin, de réir Ordú na Logainmneacha Gaeltachta.



## 3.4 Supporting  Irish Language Tourism in Kerry

**In line with the Government's *20 Year Strategy for Irish,* and in addition to the supports in our Scéimeanna to date, Kerry Local Authorities will support the development of *Irish Language Tourism in Kerry*. A strategy such as the *Kerry Craft Trails* strategy will be supported in conjunction with Gaeltacht, Tourism and Community organisations between now and the end of this Scéim, including ...**

- A Portable Multilingual Display on the **Irish Language in Kerry**.

- A **Trail, Directory and Signage**.

- Development of a **Gaeltacht Symbol** for use on tourism signage along with the name of the Gaeltacht area in Irish only in line with the Gaeltacht Placenames Order.



# 4. OILIÚINT & EARCAÍOCHT

## 4.1 Oiliúint

**1.** Tacaíocht agus oiliúint chuí a sholáthar go rialta do na hOifigigh Ainmnithe Gaeilge dírithe ar a gcuid riachtanas trí phróiseas an PMDS, ina mbeidh…

- Cúrsa Seirbhíse Custaiméara trí Ghaeilge
- Seisiúin Feasachta Teanga
- Cúrsaí chun scileanna Gaeilge a fhorbairt (TEG, srl.)

**2.** Go leanfar ag forbairt agus ag feidhmiú gréasán tacaíochta do na hOifigigh Ainmnithe Gaeilge chun deiseanna a chothú don bhfoireann a gcuid Gaeilge a úsáid san áit oibre.

**3.** Breisoiliúint Ghaeilge a sholáthar d'fhoireann na Gaeltachta de réir mar is gá (TEG, srl.)

## 4.2 Earcaíocht agus Socrúcháin

Tá Roinn Acmhainní Daonna Chomhairle Contae Chiarraí tiomanta a chinntiú go mbeidh líon leor dóthanach foirne in Údaráis Áitiúla Chiarraí le seirbhís a sholáthar i nGaeilge nó i mBéarla, laistigh de na srianta den moratorium reatha earcaíochta san earnáil phoiblí.

**1.** Beidh socrúchán cuí foirne le líofacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, i bhfeidhm in Údaráis Áitiúla Chiarraí, Oifigí Gaeltachta nó oifigí a sholáthróidh seirbhís do cheantair Gaeltachta san áireamh, ag deimhniú go dtógtar san áireamh riachtanais ranna, le seirbhís ardchaighdeán a sholáthar trí Ghaeilge, agus nuair atá baill foirne á n-aistriú nó á mbogadh, taobh istigh den eagraíocht.

**2.** Déanfaidh an Roinn Acmhainní Daonna athbhreithniú ar a pholasaí earcaíochta i gcomhthéacs inniúlacht Ghaeilge (scríofa agus labhartha) a bheith mar riachtanas thábhachtach do roinnt post in Oifigí Chomhairle Chontae Chiarraí a fhreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta. Déanfar é seo de réir Polasaithe Earcaíochta Náisiúnta.

# 4. TRAINING & RECRUITMENT

## 4.1 Training

**1.** Provide appropriate training and support on a regular basis for Nominated Irish Officers as identified through the PMDS process based on their needs, including…

- Customer Service Course as Gaeilge
- Language Awareness Sessions
- Development of Irish Language Skills (TEG, etc.)

**2.** Continue to develop and operate a support network for Nominated Irish Officers to provide opportunities for staff to use Irish in the workplace.

**3.** Provide upskilling of Irish Language Skills (TEG, etc.) for Gaeltacht staff as required.

## 4.2 Recruitment and Placements

Kerry County Council's Human Resources Department is committed to ensuring a sufficient number of staff will be competent in delivering services in either Irish or English within all Kerry Local Authorities, within the constraints of the current public sector recruitment moratorium.

**1.** Appropriate placement of staff with proficiency in both Irish and English will be implemented throughout Kerry Local Authorities, including Gaeltacht Offices, or in offices that service Gaeltacht areas, ensuring the needs of sections in relation to being able to provide a high quality service through Irish is taken into account, when placing or moving staff within the organisation.

**2.** The Human Resource Department will review recruitment policy in the context of proficiency in the Irish language (written and oral) being an essential requirement for a number of posts in offices of Kerry County Council that serve Gaeltacht areas. This will be addressed in line with National Recruitment Policy.

# 5. MONATÓIREACHT & ATHBHREITHNIÚ

Coimeádfaidh Foireann Bhainistíochta Údarás Áitiúil Chiarraí feidhmiú éifeachtach na Scéime faoina gcúram, le tacaíocht ón bhfoireann CCLO agus Oifig na Gaeilge. Is é an bainisteoir líne i ngach Rannóg atá freagrach as feidhmiú agus monatóireacht na Scéime laistigh dá n-aonad féin, ag tuairisciú go rialta go dtí a Stiúrthóir Seirbhíse.

# 6. POIBLÍOCHT NA SCÉIME COMHAONTAITHE

Déanfar poiblíocht ar a bhfuil sa scéim seo, mar seo le tiomantais agus forálacha na scéime don phobal i gcoitinne ar na slite seo leanas…

- Preas-ráiteas
- Seoladh oifigiúil na scéime
- Fógraíocht ar na forálacha
- Scaipeadh ar na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí poiblí cuí
- Suíomh idirlín.

Bainfear úsáid as gach deis chun na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge a fhógairt agus a chur chun cinn agus cuirfear in iúl go díreach do chustaiméirí go laethúil go bhfuil rogha acu déileáil leis an gComhairle trí Ghaeilge, mar seo leanas…

- Crochfar fógraí le liosta de na seirbhísí trí Ghaeilge go feiceálach i ngach fáiltiú agus ar shuíomh idirlín na Comhairle.
- Cuirfear an nóta ***'Fáilte roimh Ghnó trí Ghaeilge - Cabhraigh linn í a úsáid'*** i bhfoilseacháin na Comhairle
- Cuirfear nóta ***'Tá leagan Gaeilge de seo ar fáil'*** le Foirmeacha, Bileoga agus Treoirlínte sa chás nach bhfuilid dátheangach cheana féin.
- Deinfear seirbhísí Gaeilge na Comhairle Contae a phoibliú ag imeachtaí Gaeilge nuair is féidir.

Tá cóip den scéim seo curtha go dtí Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

***Is é an leagan Gaeilge buntéacs na scéime seo.***

## 5. MONITORING AND REVISION

The Senior Management Team within Kerry Local Authorities will keep the effective operation of this Scheme under review, with assistance from the Customer Communication Liaison Officers Team. The line managers in each Section are responsible for the implementation and monitoring of the Scheme within their own areas, and reporting on a regular basis to their Director of Services. This shall be done with assistance from the Irish Officer.

## 6. PUBLICISING OF THE AGREED SCHEME

The contents of this scheme, along with the commitments and provision of the scheme, will be publicised to the general public by means of:

- Press Release;
- Official Launch of the Scheme;
- Advertising of provisions;
- Circulation to appropriate agencies and public bodies;
- Website.


Every opportunity will be taken to advertise the services available for customers through Irish and customers will be informed directly on a daily basis that they have the choice of doing business with the Council through Irish, in the following ways:

- Notices of the lists of services through Irish will be erected in all reception areas as well as on Council's Website.
- Council Publications will contain the following note ***'Fáilte roimh Ghnó trí Ghaeilge - Cabhraigh linn í a úsáid'***.
- Application Forms, Leaflets and Guidelines, where they are not already bilingual, will contain the following note ***'Tá leagan Gaeilge de seo ar fáil'***.
- Services through Irish will be publicised at Irish Language events when possible.

A copy of this scheme has also been forwarded to Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

*The Irish text is the original text of this scheme.*

# Gaeltachtaí Chiarraí




**Gaeltacht Chorca Dhuibhne (Catagóir A... 67%; Catagóir B... 44%; Catagóir C... 30%)**

**Catagóir A:** *Dún Chaoin, Márthain, Dún Úrlann, Cill Maoilchéadair agus Cill Chuáin.*
**Catagóir B:** *Ceann Trá*
**Catagóir C:** *Na Gleannta, An Daingean, Cinn Aird, Min Aird, Bréanainn, An Clochán, Baile Dubh & An Sráidbhaile.*




**Gaeltacht Uíbh Ráthaigh (Catagóir C... 30%)**
**Catagóir C:** *Toghroinn Fhíonáin, Baile an Sceilg, Trian Iarthach, An tImleach, Ceannúigh, Na Beathacha, Loch Luíoch, Baile Breac, Doire Fhionáin, Cathair Dónall, Máistir Gaoithe agus Doire Ianna.*